



# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2009

## EALAÍN

### Cumadóireacht Shamhlaíoch agus Ábhar Neamhbheo Gnáthleibhéal

Tá 100 marc ag gabháil leis an bpáipéar seo, i.e. 25% de na marcanna iomlána ar an Ealaín

**Dé hAoine, 8 Bealtaine      Maidin 9.30 – 12.00**

Ba chóir an páipéar seo a thabhairt d'iarrthóirí **Dé Céadaoin, 29 Aibreán**

#### Treoracha

- Tá cead agat oibriú le dath, monacróm, meáin mheasctha, colláis, nó meán oiriúnach ar bith eile. Níl cead olaphéinteanna ná ábhar orgánach meatach a úsáid, áfach. Níl cead agat áiseanna mar stionsail, teimpléid, íomhánna rianaithe, obair ealaíne réamhullmhaithe ná íomhánna fótagrafaíochta a thabhairt isteach sa scrúdú.
- Scríobh do Scrúduimhir go soiléir sa spás atá ann di ar do bhileog A2. Scríobh an teideal – ‘Cumadóireacht Shamhlaíoch’ nó ‘Ábhar Neamhbheo’ – díreach faoi do Scrúduimhir.
- Más mian leat oibriú ar bhileog dhaite, **ní mór don fheitheoir an bhileog seo a shíniú sula dtosaíonn an scrúdú** á dheimhniú go bhfuil sí glan. Uasmhéid na bileoige: A2.

## **Roghnaigh ceann amháin díobh seo a leanas:**

- 1. Déan Cumadóireacht Shamhlaíoch** bunaithe ar cheann amháin de na sleachta tuairisciúla: A, B, C, D, E. **Ba chóir duit an pointe tosaigh agus an bunús atá le do Chumadóireacht Shamhlaíoch a lua ar chúl na bileoige líníochta agus an bhaint atá acu leis an sliocht tuairisciúil atá roghnaithe agat a chur in iúl.**
- 2. Déan Cumadóireacht Ábhar Neamhbheo** bunaithe ar fhoireann nithe a bhfuil tuairisc orthu i gceann de na sleachta tuairisciúla A, B, C, D, E nó a mheabhraíonn na sleachta sin duit. Ní mór duit nithe ábhartha a thabhairt chuig an ionad scrúdaithe chun go mbeidh ar do chumas **do chumadóireacht ábhar neamhbheo féin** a leagan amach. **Ní mór é seo a dhéanamh go tráthúil, roimh thús an scrúdaithe. Ní mór duit an pointe tosaigh agus an bunús atá le do Chumadóireacht Ábhar Neamhbheo a lua ar chúl na bileoige líníochta agus an bhaint atá acu leis an sliocht tuairisciúil atá roghnaithe agat a chur in iúl.**
- 3. Déan Cumadóireacht Theibí** bunaithe ar smaoineamh a spreagfaidh ceann de na sleachta tuairisciúla A, B, C, D, ionat nó a fhorbróidh tú ó cheann de na sleachta tuairisciúla sin. **Ba chóir an pointe tosaigh agus an bunús atá leis an gcumadóireacht theibí a lua ar chúl na bileoige líníochta agus an bhaint atá acu leis an sliocht tuairisciúil atá roghnaithe agat a chur in iúl.** Luaigh go soiléir cé acu 1 – Cumadóireacht Shamhlaíoch, nó 2 – Ábhar Neamhbheo, atá i do Chumadóireacht.

## **Sleachta Tuairisciúla**

### **Sliocht A**

*“Braithim ar mo shuaimhneas anseo sa chior thuathail seo mar go meabhraíonn an chior thuathail samhlaoidí dom. Agus pé scéal é, níl ní ar bith is mó a thaitníonn liom ná bheith ag maireachtáil sa chior thuathail.” (Francis Bacon)*

Fuarthas thart ar dhá mhíle eiseamláir d’ábhair phéintéireachta Bacon sa stiúideo in Reece Mews. Ina measc tá na céadta feadán ídithe péint, crocaí d’ábhar datha bog, scuaba péinte, uirlisí, cannaí stáin, baitíní pastail, píosaí fabraice, buidéalí fholmha tuirpintín, cannaí de phéint spréite agus de bhuanaitheoir, cannaí de phéint tí agus líon gan áireamh de spúinsí rollóra. Ní bhfuarthas pailéad ealaíontóra sa stiúideo agus is cosúil gur bhain an t-ealaíontóir úsáid as rud ar bith, geall leis, a d’fhéadfadh sé a úsáid ina ionad. Úsáideadh ballaí an stiúideo féin fiú amháin chun na péinteanna a mheascadh agus a thástáil. Ón uair a thosaigh sé ag dul leis an ealaín mar ghairm bheatha, bhain Bacon leas as ábhair éagsúla ina chuid pictiúr, cannaí aerásóil de charrphéint, gaineamh, pastal, deannach agus olann chadáis san áireamh. Is cosúil leis gur chuir sé péint suas leis na clúdaigh phlaisteacha ó fheadáin phéinte agus ó bhoinn oscailte buidéal ar thángthas orthu sa stiúideo.

Sliocht as *Artist’s Materials, Francis Bacon’s studio*, le caoinchead an Hugh Lane Gallery

### **Sliocht B**

Sa chluíd ab fhaide ón bhfuinneog, bhí an seanchlog ina sheasamh go hard lena aghaidh ghréine ar nós úill ag éirí agus ag dul faoi gach lá – leis an meangadh gáire síoraí nár athraigh riamh. Feadh an taoibh sin den seomra bhí an drisiúr, a dhealbhaigh siúinéir an bhaile i stíl na gcuar traidisiúnta, agus sraitheanna plátaí agus miasa den sailghréas gorm ina suí air. Faoina bhun sin bhí soithigh anraith, mias ime adhmaid, agus árthaigh mhóra a raibh dath gorm níos dorcha orthu ar taispeáint faoi áirsí oscailte. Ar na seilfeanna lastuas, bhí na plátaí níos lú chun tosaigh agus os a gcomhair amach bhí earraí gloine, taephotaí (umhadhaite nó maisithe le bláthanna geala) agus cupáin a bhí ag teacht leo. Anseo chomh maith bhí ubhchupáin adhmaid agus an t-orláiste ceangailte den soitheach mustaird péatair. Crochta ar chrúcaí ó chiumhais gach seilfe bhí an buidéilín boird don phiobar, an siosúr, an crúca cnaipe, agus eochracha ar shnáth a ghabh trí spól. Ar an tríú seilf bhí na báisíní béal fúthu le hiarrachtaí garbha de dhuilleoga glasa agus de rósanna damascacha daite ar a dtaobhanna, agus bhí crúiscíní uachtair ag maisiú na gcrúcaí. Na plátaí ní ba mhó, bhí siad ar leibhéal níos airde fós agus bhí sraitheanna crúiscíní, umhadhaite agus ar dhathanna eile, ar crochadh chun tosaigh –

thart ar ocht n-orlaí óna chéile – de réir scála, ón gceann ba lú go dtí an ceann ba mhó. Is i lár an traglaim tí seo go léir a fágadh mo bháid bhriste chun triomaithe.

I gcúinne eile (ar thaobh deas an drisiúir) bhí cófra oscailte de shaghas éigin, ag luí isteach ann go triantánach, dath eabharbhán air. Anseo a bhí scoth na dtaeagréithe – foireann iomlán de sheanghréithre tinteáin maisithe le háirsí de loinnir chorcra fite go crosach agus faoi gach áirse falcaire corcairdhearg le gais ar dhath dearg na Veinéise agus leadhbanna de dhath glas nó gorm. Níor baineadh úsáid astu ach ar ócáidí ar leith in aimsir mo sheanmháthar: ach, ó cailleadh í, d'úsáidítí de ghnáth iad agus briseadh iad ceann i ndiaidh an chinn eile 'go dtí nár fágadh ceann ar bith díobh' ach an taephota mór.

Sliocht as *The Ideal Grandmother* le Ellan Vanin

## **Sliocht C**

Lena chuan domhain nádúrtha agus lena cuid feirmeacha talún in aice láimhe, bhí Corcaigh ar cheann de na lárionaid mhóra bhia agus ba í príomhchathair ime na hEorpa í sna seanlaethanta. Chun teacht ar na bianna meatacha nárbh fhéidir iad a chur ar bord loinge – fómhar úr ghoirt agus uiscí na hÉireann – níor mhór duit dul chuig an Margadh Sasanach i gCathair Chorcaí. Inniu féin, is féidir leordhóthain de na bianna seo a fháil ann.

Seo margadh laethúil an lucht oibre. Seo é an áit a gceannaíonn gnáthmhuintir na cathrach an trípas, an duán agus an t-ionathar eile sin a bheathaigh, thar mar ba ghnách dá leithéid, an gnáth-theaghlach i gCorcaigh ó ghlúin go glúin. Ach is acmhainn é freisin don lucht ite agus cócaireachta is eolaí a bhíonn ar thóir na gcloicheán nó na n-oisrí is úire, nó an raca uaineola den chéad scoth nó lollo rosso (leitís dhearg chatach) a fhástar go horgánach. Má tá an t-ádh leat gur thóg tú tigín samhraidh ar cíos i gceann de na bailte áille cois cósta ar an taobh ó dheas den chathair, níl a bhac ort do lardrús a líonadh le bia ón mhargadh seo. Nó mura bhfuil tú ach ag gabháil tríd an gcathair ar do shlí chun lá a chaitheamh ag iascach ar Abhainn na Bandan nó chun cuairt a thabhairt ar shuímh na gciorcal cloch agus na ndolmainí sa dúthaigh, seo é an áit ar féidir leat do phicnic a chur le chéile. Bradán fiáin deataithe, mairteoil thriomaithe spíosraithe, aráin dhonna úra, cáiseanna tí feirme agus cantaí bairín breac, tá siad go léir ann, iad ullamh chun breith leat.

Tá colúin agus ráillí d'iarann teilgthe i gcuid den mhargadh chomh maith le boghta bairille d'airsí móra adhmaid, pollta le fuinneoga dín ionas go bhfuil cuma ardeaglaise le haghaidh torthaí agus glasraí air. Tá cuma stóir athchóirithe ar chuid eile de mar a bhfuil brící faoi do chois agus tógáil nua-aimseartha os do chionn.

Nuair a thugamar cuairt le déanaí ar an Margadh Sasanach, bhí an t-ádh orm féin agus ar mo bhean gur ag seastán Dheirdre Ahern a thosaíomar ag ceannach torthaí agus glasraí. Tá a

n-ainmneacha scríofa i litreoireacht thraidisiúnta órga stionsail lastuas ag Deirdre agus ag a haintín Siobhán, a bhfuil a seastán féin taobh le seastán Dheirdre. Tá cuma bhreá ar a gcuid táirgí: toir mhóra de chabáiste glas casta a bhfuil dealramh acu le hearra poircealláin ón 18ú haois agus prátaí, atá saor ón ngalar scrathach, ó Bhaile Mhaolmhuaidh. Is glasraí orgánacha iad mórán de na glasraí áitiúla. Is iontach an radharc iad, go háirithe na cairéid. Tar éis a bpioctha gach maidin, tugann na feirmeoirí isteach díreach chun an mhargaidh iad. Ní bhíonn cosúlacht ar bith ag na cairéid seo leis na samplaí aonghnéitheacha, fillte i bplaiستهach, a bhfuil cur amach againn orthu ó ollmhargaí Meiriceánacha. Ina n-ionad sin, fréamhacha casta ollmhóra flannbhuí, is ea iad seo, díreach ar nós na gceann sin a fheictear sna ciseáin mhargaidh ag cailíní aimsire i bpictiúir le Chardin.

Thug an chéad chasadh eile sinn i dtreo an lána éisc “ Má shnámhann sé, díolfaimid é.” Ar an iasc a bhí ann an lá sin bhí deoraí, sól dubh, turbard, doingean farraige agus broit. Ar na héisc nach bhfuil chomh mealltach sin bhí maicréil agus faoitín. Bhí fáil ar roinnt cloicheán den scoth leis an eochraí fós orthu ach dá dteastódh cuáin mhara uaim níor mhór dom ordú a chur isteach. Ach is iad na héisc nárbh fhéidir liom mo shúile a bhaint díobh ná na troisc a raibh méachan 25 punt iontu agus bráithre iomlána a raibh cuma fhíorghrána orthu ar a leaba feamainne chomh maith leis na sciataí móra. Níorbh aon ábhar iontais é go raibh Rembrandt agus Chardin faoi dhraíocht ag radharc na gcréatúr farraige seo lena sciatháin chothroma leathana, lena gcráiceann ramallach agus lena n-aghaidheanna aisteacha

Sliocht as *Where Cork Cooks Stock Up* le Nicholas Fox Webber, le caointhead New York Times/travel

## **Sliocht D**

Ar fhéachaint thar an timpeallacht ghlas seo amach, luigh an tsúil ar réimse leathan gorm d’fharraige nó de loch, ar chosúil go raibh sé ag timpeallú an oileáin dhraíochta seo, nach raibh ach cúig léig nó mar sin faoi theorainn ann. Soir uaidh, bhí baile nó sráidbhaile deas geal cois cuain, a raibh cúpla teach scaipthe mórthimpeall air, agus sa chuan féin bhí cúpla long lena rigíní aisteacha á luascadh ag na tonnta a bhí ag borradh go ciúin. Thairis amach arís, bhí grúpaí d’oileáin bheaga ag éirí aníos as na huiscí gorma réidhe, ach bhí siad chomh líonmhar sin gurbh ionann iad agus scoil éisc ar an bhfarraige. Siar uaidh, bhí cóstaí i gcéin ina líne feadh fhíor dhoiléir na spéire, sléibhte gorma mar a bheadh cruthanna réidhe droimneacha ag éirí ar chuid díobh; ar chósta ní b’fhaide i gcéin d’éirigh cón ollmhór a raibh scamall bán i bhfoirm cleite shneachtúil ar a mhullach. Ó thuaidh uaidh, bhí réimse ollmhór uisce ag glioscarnach agus ag damhsa faoi na gathanna geala teo, an aontacht á briseadh anseo agus ansiúd ag barrchrann loinge uaisle á nochtadh féin os cionn fhíor na spéire, nó ag seol bolgtha agus é ag gluaiseacht go mall le cóir na gaoithe.

Sliocht as *Journey into the Interior of the Earth* le Jules Verne

## Sliocht as E

Ba é Jean-Charles Adolphe Alphand, an dearthóir páirce, a thóg ó bhonn cuid de ghairdíní na Champs-Élysées i ndeireadh an 19ú haois. Iomrall súl álainn is ea é sa tslí nach ionann ní ar bith ann agus an chéad radharc a fhaightear de. Na carraigeacha a dhéanann an lochán agus an t-eas, tá siad déanta as suimint; a dhála sin don droichead ‘adhmaid’ le haghaidh coisithe. Ach is é a mheallann mise arís agus arís eile ná an spás – 1.7 acra d’fhásach leath-thugtha chun míneadais i gceann de na stráicí is uirbí i bPáras. Ní bhíonn mar chompánaigh agam ach siúlóir madra ó am go chéile agus an póilín mná ar patról.

Ar bhinse páirce ann, bím timpeallaithe ag crainn shíorghlasa, ag crainn mhailp, ag bambúnna, ag an líológ agus ag an eidhneán. Tá crainn líomóidí ann; crann oráistí Meicsiceach; tor a dtugtar siogairlín síodach tonnduilleach air le bláthanna cromtha a shamhlófá le pictiúr de chuid an Art Nouveau; agus ceann eile a mbíonn boladh caramail ar a dhuilleoga san fhómhar. Tá crann fáibhile silte atá 100 bliain d’aois ag tabhairt scátha do lochán a gcuireann a eas an ruaig ar ghlór na sráideanna os ár gcionn. An lochán a fhaigheann a chuid uisce ón Seine, bíonn sé modartha ó thráth go chéile, ach is cosúil gur cuma leis an gcarbán mallghluaiste nó leis an dobharchú a thagann aníos go barr an locháin ó am go chéile.

Anseo gheofar ionaid chun éisteacht le ceolchoirm nó chun féachaint ar sheó puipéad, gairdíní eaglaise, gairdíní le ceapacha glasraí agus le gairdíní oirthearacha. Tá gairdíní ann le coirceoga beach, le hionaid chaomhnaithe éan, le rósanna atá as faisean, le boird fichille, le hionaid súgartha, le cuibhrinn ainmhithe fiáine, le radhairc lánléargais, fiú le foraois bháistí agus le feirm. Tá spásanna glasa ann taobh le reiligí, le hambasáidí, le pictiúrlanna agus le hóstáin. Ar an taobh eile den bhaile, tá gairdín an Mhúsaeim Zadkine, arbh áitreabh agus atelier Ossip Zadkine é, dealbhóir Rúiseach de chuid an 20ú haois, tráth. Is beag an t-athrú atá tagtha ar an ngairdín atá lán de shaothair dhealbhóireachta ón uair a d’oibríodh sé féin ann le hadhmad agus le heibhear faoi scáth a chuid crann. “Tar agus féach ar mo theach aoibhnis, agus tuigfidh tú a mhéid is féidir le teach colúir nó le crann saol an duine a athrú,” a scríobh sé tráth chuig cara leis.

Ach ní iarsmaí músaeim amháin iad gairdíní; is codanna gníomhacha dílse de chomharsanachtaí iad. Chun go mbeadh roinnt siamsaíochta – seal drámaíochta fiú – agam tráthnóna codlatach ag an deireadh seachtaine, siúlaim, ó am go chéile, go dtí Cearnóg Blomet mar a n-imrítear cluichí boules leis an oiread sin spionnaidh go leantar leo faoi spotsoilse go déanach istoíche.

Tá an t-eidhneán a chlúdaíonn ballaí miotalacha na páirce chomh sean sin go bhfuil na duilleoga sé orlach ar leithead. I gceann pasáiste fhada a bhfuil sraith de bhinsí páirce ann tá saothar dealbhóireachta cré-umha nach bhfuil eolas rómhaith air; is le Joan Miró é, dealbhóir a mhair tamall síos an tsráid i mbochtanas in atelier comhdhealbhóra ón gCatalóin.

Sliocht as *Hidden Gardens of Paris*, le caoinchead an New York Times, Meitheamh 19, 2008

# **Leathanach Bán**

# **Leathanach Bán**